Gnéithe rochtana ag Seirbhís Leabharlainne Taistil Átha Cliath Theas

Tá ceann de na 4 leabharlann soghluaiste atá againn inrochtana le cathaoir rothaí agus airítear ann céim íseal ar féidir a tharraingt amach. Más mian leat go dtiocfadh an leabharlann soghluaiste sin chuig do stad, déan teagmháil leis an Seirbhís Leabharlainne Soghluaiste. Tá sonraí teagmhála ar fáil ar leathanach Leabharlanna Soghluaiste ar láithreán gréasáin Leabharlanna Átha Cliath Theas, www.southdublinlibraries.ie.

Cuireann na leabharlanna soghluaiste Seirbhís Seachadta Baile ar fáil i gcomhar leis na leabharlanna brainse. Chun tuilleadh eolais a fháil feic leathanach Seirbhís Seachadta Baile ar láithreán gréasáin Leabharlanna Átha Cliath Theas, www.southdublinlibraries.ie.

De bharr go bhfuil rochtain 24 uair an chloig againn, tig le custaiméirí clárú ar líne, catalóg na leabharlainne a chuardach, ábhar leabharlainne a chur in áirithe, a gcuntas a bhainistiú, eolas a fháil maidir le himeachtaí agus cláir sna leabharlanna ar fad agus rochtain a fháil ar réimse acmhainní tagartha ar líne. Tá Leabharlanna Contae Átha Cliath Theas tiomanta do chinntiú go bhfaigheann a láithreán gréasáin www.southdublinlibraries.ie caighdeán comhlíonta "Double-A" le Web Content Accessibility Guidelines (WCAG) 1.0 de chuid Feadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (W3C).